Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 3

Anam na Teanga

Géarscagadh ar Ghlac Gearrscéalta

Seán Mac Labhraí
a chuir in eagar

Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 16:4 Page 4

An chéad chló 2012
© Cló Iar-Chonnacht / na húdair 2012

ISBN 978-1-909367-64-7

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail
Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes

Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.

Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** eolas@cic.ie
Priontáil: Nicholson Bass.

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 5

Clár

Réamhrá 7

An Beo
Liam Ó Flaithearta 9

Dúil
Liam Ó Flaithearta 18

An Cumann
Peigí Rose 23

Ná hInis Brionglóidí na hAoine don tSatharn Choíche
Peigí Rose 31

Nóra Mharcais Bhig
Pádraic Ó Conaire 45

Anam an Easpaig
Pádraic Ó Conaire 62

An Gadaí
Pádraig Mac Piarais 84

Athair
Micheál Ó Conghaile 92

Codladh an Mháistir
Seosamh Mac Grianna 106

Mánus Ó Súileachán
Séamus Ó Grianna 113

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 6

Na Déithe Bréige
Fionntán de Brún 132
An Rud nach mBíonn Agam
Annraoi Ó Liatháin 138

Nótaí
An Beo 149
Dúil 158
An Cumann 168
Ná hInis Brionglóidí na hAoine don tSatharn Choíche 179
Nóra Mharcais Bhig 191
Anam an Easpaig 207
An Gadaí 226
Athair 238
Codladh an Mháistir 254
Mánus Ó Súileachán 263
Na Déithe Bréige 281
An Rud nach mBíonn Agam 297

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 7

Réamhrá

'Is í an litríocht anam na teanga,' a scríobh Seosamh Mac Grianna.[1] Is éifeachtach an áis í téacs snasta litríochta le mic léinn a spreagadh chun léitheoireachta agus chun foghlama. Bhí sé d'ádh orm féin go raibh sármhúinteoir agam ar scoil, Aodh file Ó Murchú, duine a d'oscail doras na n-iontas roimh na glúnta scoláirí agus é ag plé le litríocht na Gaeilge. Ba mhian liom go mbeadh an taithí tairbheach dearfach ag mic léinn i mbun staidéir ar an litríocht agus a bhí agam féin.

Measaim go bhfóireann seánra na gearrscéalaíochta go maith don duine atá ag iarraidh dul i ngleic le ceird na léirmheastóireachta. Is ar a leithéid de dhuine atá an saothar seo dírithe. Bhí critéir áirithe ar m'aigne agus an rogha á dhéanamh agam agus chuige sin, ar an dosaen scéalta a thogh mé tá:

- scéalta a bhaineann le saol an aosa óig;
- scéalta a bhfuil greann iontu;
- scéalta as mórchanúintí na Gaeilge;
- scéalta a chlúdaíonn tréimhse céad bliain, ó aimsir na hathbheochana go dtínár linn féin.

Is i bhfoirm ceist agus freagra samplach atá an saothar seo leagtha amach. Tá trí roinn sna ceisteanna:

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 8

- ceisteanna a chíorann cúrsaí téarmaíochta agus ciall na bhfocal agus na bhfrásaí;
- ceisteanna a scrúdaíonn tuiscint an léitheora ar théamaí, ar charachtair agus ar stíl teanga an údair;
- ceisteanna a thugann cuireadh don léitheoir dul i ngleic leis an scéal ar leibhéal pearsanta lena chuid tuairimí féin ar ábhar an scéil a thomhas.

Treoir atá ann le cuidiú leis an mhac léinn léamh idir na línte agus ar a gcúl fosta. Bheifí ag súil leis feasta go bhféadfadh an mac léinn leanstan ar aghaidh lena thuilleadh léitheoireachta go neamhspleách. Mar a scríobh Seosamh Mac Grianna, 'D'ainneoin an Hospital Sweep, d'ainneoin Leopardstown agus Punchestown agus Baldoyle, d'ainneoin Pháirc an Chrócaigh, agus Micky Mouse, tá daoine beo a léas leabhair Ghaeilge.'[2]

---

[1] Nollaig Mac Congáil. *Ailt : Saothar Sheosaimh Mhic Grianna Cuid II*. (An Cabhán: Comhaltas Uladh, 1977)

[2] Seosamh Mac Grianna. *Pádraic Ó Conaire agus Aistí Eile*. (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1936, 1969)

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 9

An Beo

Liam Ó Flaithearta

Bhí an mháthair ina luí ar chlár a droma, a súile dúnta agus a lámha sínte amach os cionn an éadaigh leapan. Bhí sí ag oibriú a cuid méar gan sos. Bhí a corp ar fad cloíte ag mórobair an bheirthe. Ansan do scread an leanbh. D'oscail sí a súile chomh luath agus a chuala sí an glór. Rug sí greim crua ar an éadach. D'ardaigh sí a ceann agus bhreathnaigh sí go fiáin ar an tseanmháthair ag a raibh an leanbh á chóiriú thall le cois na tine.

Thug an tseanmháthair faoi deara an drochaghaidh seo agus chuir sí scairt ghháire aisti.

'Ar son Dé!' a deir sí leis an mbeirt bhan chomharsanta bhí ag cuidiú léi. 'Féachaigí uirthi féin agus í chomh onórach le maighdean. Ba dóigh le duine gurbh é seo an chéad pháiste aici i leaba an chinn dheireanaigh. Sea anois!'

Rug sí greim cos ar an leanbh, chroch sí suas é agus tharraing sí buille láidir air sa tóin.

'Béic anois, in ainm Dé,' a deir sí, 'agus cuir an diabhal as do chorp.'

Phreab an leanbh faoi phian an bhuille. Lig sé scread eile. Anois bhí spreacadh ina ghlór.

'M'anam gur féidir léi bheith onórach,' a deir duine den

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 10

bheirt bhan chomharsanta. 'Ní fhaca mé riamh naíonán níos dathúla ná é seo.'

Chaith sí smugairle ar an gcolainn bheag bhándearg.

'Fireannach breá, bail ó Dhia air,' a deir an bhean eile, ag déanamh comhartha na croise idir í féin agus an leanbh. 'Tá cuma an ghaisce cheana féin air.'

Bhuail dobrón an mháthair nuair a chuala sí an tseanbhean ag rá gurbh é an leanbh seo craitheadh an tsacáin. Bhí sí trí bliana agus dhá fhichead. Bhí lasair gheal na haoise ag leathnú ina gruaig. Bhí fios maith aici nach dtabharfadh sí an beo go brách arís as snáth a coirp, trí chumhacht mhíorúilteach Dé. Ceithre huaire déag bhí sin déanta anois aici. Cé is moite den chéad am, nuair a bhí mearbhall an ghrá go láidir fós ina fuil, ba bheag an sólás a bhain sí as an nginiúint. De réir mar a mhéadaigh an síol beannaithe faoi dhíon an tí, mhéadaigh an drochrath agus an ganntan. Ina dhiaidh sin, ba doiligh léi anois fios a bheith aici go mbeadh a broinn feasta gan toradh. Dhún sí a súile, rinne sí cros ar a brollach lena dhá láimh agus thosaigh sí ag guí le Dia, ag iarraidh cabhrach in aghaidh an tsaoil a bhí roimpi.

Nuair a bhí an páiste agus an mháthair cóirithe, tháinig an t-athair isteach sa seomra. Fear díreach láidir fós é, cé go raibh sé ag bruachaireacht le leathchéad bliain agus formhór a shaoil caite faoi thromobair saothrú na talún. Nochtaigh sé a cheann nuair a shroich sé an leanbh.

'Go gcuire Dia rath air!' a deir sé.

Chuaigh sé sall go dtí an leaba ansin.

'Buíochas le Dia!' a deir sé lena mhnaoi. 'Tá an méid sin thart.'

Rinne sí meangadh beag gáire leis.

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 11

'Tá áthas orm,' a deir sí, 'gur mac a thugas duit as craitheadh mo shacáin.'

'Go méadaí Dia thú!' a deir sé.

Thug an tseanbhean an leanbh go dtí an leaba agus leag sí ar bhrollach na máthar é.

'Seo agat anois,' a deir sí, 'an seoidín is nuaí i do theach.'

D'imigh an brón den mháthair nuair a chuir sí a lámh timpeall ar cholainn bheag an naíonáin. Tháinig lúcháir uirthi nuair a chuala sí an croí nua ag bualadh. Bhris deor faoina súil agus tháinig ceangal ina scornach.

'Buíochas le Dia na Glóire!' a deir sí go dúthrachtach.

Thosaigh an coileach ag glaoch amuigh sa gcúlteach. D'éirigh a ghlór go hard aerach os cionn na gaoithe Samhna a bhí ag stracadh na spéire.

'Cumhdach Dé ar mo leanbh!' a deir an mháthair.

D'fhreagair coiligh an bhaile an coileach. Is gearr go rabhadar uile ar aon ghlór amháin ag beannú don mhaidneachan. I bhfad ar siúl bhí an fharraige le cloisint agus í ag lascadh na haille móire.

'Slán ó thinneas,' do ghuigh an mháthair, 'slán ón easpa, slán ón donas agus ón tubaiste, slán in anam agus corp!'

Tar éis tamaill ligeadh do na páistí eile teacht isteach sa seomra, le aithne a chur ar an deartháirín ba óige acu. Ní raibh láithreach ach seachtar clainne, idir nua agus sean. Bhí ceathrar caillte agus triúr eile imithe amach faoin domhan ag soláthar a mbeatha. Bhí gach a raibh fágtha idir na trí agus na cúig bliana déag. Chuir an t-iontas ag caint iad nuair a chonaiceadar an naíonán. Sheasadar timpeall ar an leaba, greim láimhe acu ar a chéile agus a mbéil oscailte.

Ligeadh isteach an seanfhear ansin. Maidir leisean! Bhí neart cainte aige. Chomh luath agus a leag sé súile ar mhac

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 12

a mhic, thosaigh sé ag cur dhe go tréan; ag clamhsán mar ba gnách leis:

'Aie! Aie!' a deir sé. 'Tá chuile rud níos buaine ná an duine. Aie! Go ndéana an Mhaighdean Bheannaithe trócaire orm! Breathnaigh orm anois agus gan ionam ach ciomach. Bhí mé lá, ina dhiaidh sin, chomh maith le aon fhear . . .'

Bhí sé an-sean ar fad. Cúpla bliain roimhe sin ghoill an ghrian air agus é ina chodladh ar mhóinín féarach, lá go raibh teas mór ann. Ba suarach é ó shoin. Bhí úsáid a chos beagnach caillte aige. Bhí seafóid air. Bhí a chorp ag cailleadh meáchain gach uile lá. Déarfá gur chrobhnasc a bhí air, le chomh cromtha agus a bhí a cheann. Bhí maide i ngach láimh aige. A Thiarna! Bhí a chonablach bocht ag croitheadh ar nós an duilliúir.

'Aie! Aie!' a deir sé go cráite. 'Bhí mé lá agus ní raibh aon fhaitíos orm roimh an bhfear ab fhearr san áit. Bhí mé in ann ag aon fhear a bhuail bleid orm ag soláthar troda, soir nó siar, ar aon am den ló, dallta ar meisce nó gan deor i mo ghoile. Bhí fios ag an té a tháinig trasna orm . . .'

B'éigean don tseanmhnaoi breith air agus é a chrochadh léi.

'Téanam uait síos as seo,' a deir sí, 'agus ná bí ag cur múisiam ar na daoine le do chuid seafóide.'

'Go bhfóire Dia orainn!' a deir duine de na mná comharsanta. 'Is gairid é an t-aistear is faide ón mbroinn go dtí an fód.'

Nuair a chuir an leanbh faoi sa gcliabhán le cois an teallaigh, bhí sé mar a bheadh rí ar an teach. Rinne an mhuirín ar fad freastal air go toilteanach; cé gurbh í sin an tseirbhís gan cúiteamh. Níorbh eol don leanbh go rabhthas ag cur comaoine dá laghad air. Níorbh eol dó faic na ngrást

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 13

ach an t-aon dualgas amháin a thug sé leis ón mbroinn. Ba é sin an beo do bhí ina chorp a choimeád agus a neartú. Ar dhúiseacht dó, bhéic sé go barbartha, nó gur tugadh greim sine dhó ar chíoch a mháthar. Ansin do bhí láithreach ina thost. Lig sé osna sámhach agus d'fháisc sé a charbad maol ar an sine lán. Chreathnaigh a chraiceann le macnas nuair a mhothaigh sé an chéad steall den bhainne teolaí ar a theanga. Bhí sé ag diúl go santach nó go raibh sé sách. Ansin arís thit codladh air. Scread sé go borb uair ar bith a bhuail sprocht é, de bharr daigh bhoilg nó goilliúint éigin eile. B'éigean dóibh bheith ag bogadh an chliabháin agus ag gabháil fhoinn dhó nó gur ghlac sé suaimhneas.

'Ó! Mo leanbh! Mo leanbh! Mo leanbh!' a deiridís agus iad ag gabháil fhoinn dhó. 'Ó! Mo leanbh! Is tú grá geal mo chroí.'

Ní fearacht sin don seanduine bocht. Is beag an t-ómós a bhí dhósan. Nuair a déanadh freastal air, ba le grá Dé é agus ní le fonn. Ba mhór leo an chomaoin is lú a chuireadar air.

'Féach ar an seandiabhal sin,' a deiridís. 'Níl brabach ag Dia ná ag duine air, caite ina smíste cois an teallaigh ó mhaidin go hoíche. B'fhearr dhuit bheith ag iarraidh na déirce ná bheith ag freastal air.'

Ceart go leor, níor mhilleán orthu bheith ag casaoid. Ba gránna an rud bheith ag plé leis an seanduine bocht. B'éigean é a thabhairt óna áit chodlata gach maidin; é a ghlanadh agus a ghléasadh agus a chur ina shuí i gclúid an teallaigh ar stóilín beag. B'éigean téadracha a cheangal faoina lár agus é ina shuí, ar eagla go dtitfeadh sé sa tine. Ag am béile, b'éigean brúitín a dhéanamh dá chuid bídh agus é a choinneáil leis le spúnóg. Bhí sé ag tuilleamaí orthu

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 14

le haghaidh seirbhís ar gach uile bhealach; go díreach glan mar a bhí an naíonán nuabheirthe.

'Aie! A rud brocach!' a deiridís agus iad á ghlanadh. 'Ba mhór an leas do mhuintir an tí seo dá nglaofadh Dia ort.'

D'fhan an seanfhear ceangailte sa gclúid i rith an lae ar fad; idir codladh agus dúiseacht, pislíní ag sileadh lena bhéal, ag cur rachta cainte uaidh ó am go ham, ag bagairt lena mhaide, ag sciolladh ar dhaoine nach raibh beo ar chor ar bith, ag cur tíre agus talún trí chéile go seafóideach. Níor tháinig sé as a mhearbhall ach amháin nuair a chuala sé an naíonán ag fógairt tar éis dúiseachta. Gheit sé ansin agus tháinig lasair an áthais ina shúile.

'Cé hé seo?' a deireadh sé agus cluas le éisteacht air. 'Cé aige a bhfuil an gheonaíl seo?'

Nuair a thógadh an mháthair an naíonán as an gcliabhán, le cíoch a thabhairt dhó sa gcúinne thall, d'aithníodh an seanfhear an maicín agus thagadh bród air.

'Ó! Ó!' a deireadh sé. 'Is tú féin atá ann. Ó! Nach tú atá gleoite bail ó Dhia ort. Táir, muis, agus scafánta. Sin buachaill óg breá amach ar m'aghaidh ansin thall, gan amhras ar bith.'

Dhéanadh sé iarracht ansin ar ghabháil go dtí an leanbh. Thagadh fearg air nuair nach bhféadadh sé gabháil níos faide ná deireadh na téada a bhí timpeall ar a ghoile.

'Ligí aige mé,' a deireadh sé agus é ag léimneach ar an stól. 'Cén fáth nach scaoileann sibh an téad seo, a phaca diabhal. Tá sé thall ansin, fear de mo chine. Scaoiligí aige mé. Fear de mo chuid fola! Ligí aige mé.'

Ní fada a mhaireadh a bhuile. Thagadh gliondar air nuair a d'fheiceadh sé an páiste á shíneadh féin agus á shearradh féin le sámhas ó bheith ag ól.

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 15

'Dia leat, a mhaicín!' a deireadh an seanfhear, ag léimneach ar an stól. 'Caith siar é sin, a bhuachaill. Ná fág deor de sa tsine. Ó! A leabharsa! Fear de mo chuid fola thú, ceart go leor. Ól leat, a chuid de mo chroí. Go méadaí Dia thú!'

Bhí an geimhreadh i ngar do bheith caite sular chuir an naíonán aithne ar aon duine. Go dtí sin níorbh eol dó ach cíocha a mháthar agus teoladas an chliabháin; rudaí ab fhéidir leis a mhothú le baill a choirp. Cé gur mhinic a thug sé faoi deara gach ar thit amach thart timpeall, ní bhíodh aon tuiscint ina shúile móra gorma. Ansin faoi dheireadh tháinig an lá mór nuair a scairt an t-anam gléigeal amach trína shúile.

Bhí sé ina luí ar a ghoile in ucht a mháthar, agus múisiam ar a ghoile faoi an iomarca bheith ólta aige, nuair a thug sé faoi deara geáitsí seafóideacha an tseanfhir sa gclúid thall. Rinne sé meangadh gáire ar dtús. Ansin do thosaigh sé ag bualadh bos agus ag léimneach ag déanamh aithris ar an seanfhear. Lig sé béic bheag bhuacach.

'Moladh le Dia Mór na Glóire!' a deir an mháthair.

Chruinnigh gach a raibh sa teach thart timpeall ar an teallach; iad ar fad ag breathnú ar an naíonán agus an seanfhear a bhí ag coimhlint lena chéile; gan fios acu cén duine den bheirt ba seafóidí nó ba páistiúla. Scairt gach uile dhuine amach ag gáirí ach amháin an tseanmháthair.

'Aie! A Thiarna Dia!' a deir sise i nglór an chaoineacháin. 'Is breá an rud seafóid naíonáin a fheiscint, ach níl rud ar bith ina dhíol truaí níos cráite ná seanduine gan réasún.'

Ón lá sin amach, do chaith an seanfhear agus an naíonán scaití móra in éineacht agus iad ag imirt go simplí;

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 16

ag bualadh bos agus ag clabaireacht chainte agus ag pislíneacht. Nuair a dealaíodh an leanbh, ba é an brúitín céanna a thugtaí dhóibh le n-ithe. Ach de réir mar a neartaigh an naíonán, chuaigh an seanfhear chun laige. Bhuail plúchadh é san earrach agus ceapadh go raibh sé ag saothrú báis. Cuireadh an Ola Bheannaithe air. D'éirigh sé as an tinneas sin, ina dhiaidh sin. Is gearr go raibh sé in ann an leaba a fhágaint agus cur faoi arís sa gclúid, amach ar aghaidh an linbh. Anois ní raibh ann ach taise. B'fhéidir é a chrochadh le leathláimh.

Tháinig lá breá Bealtaine agus trá mhór ann. Bhí an mhuirín ar fad ag baint charraigín, cé is moite den leanbh agus an seanfhear agus an tseanbhean a bhí ag tabhairt aire don teach.

'Tabhair amach ar an tsráid mé,' a deir an seanfhear lena mhnaoi.

'Céard tá uait anois?' a deir sí leis.

'Ba mhaith liom an ghrian a fheiscint,' a deir sé, 'aon uair amháin eile sula gcaillfear mé.'

Ghoil sí beagán agus ansin thug sí amach ar an tsráid é. Chuir sí ina shuí an fear bocht ar chathaoir shúgáin le taobh an dorais. Shuigh sí féin in aice leis agus an leanbh ar a hucht. Thosaigh sí ansin ag glaoch ar na héanlaithe tí.

'Tiuc! Tiuc!' a deir sí. 'Fit! Fit! Beadaí! Beadaí! Beadaí!'

Tháinig siad ar fad ina treo, ag rith ar a ndícheall; idir chearca agus lachain agus ghéabha. Chaith sí blúiríní bídh amach ar an tsráid acu, as méis mhór a bhí aici. Bhí sé ina chogadh dearg ansin ag na héanlaithe agus iad ag cliobadh a chéile agus ag screadach. Tháinig gliondar ar an naíonán, nuair a chonaic sé an plod éan thart timpeall air. Thosaigh sé ag bualadh bos, ag léimneach agus ag béiciúch. Rinne an

Seán Mac Labhraí quark3_Layout 1 20/12/2012 11:3 Page 17

seanfhear amhlaidh agus é chomh bainte leis an leanbh ag gleo agus fuirseadh na n-éan.

'Go bhfóire Dia orainn!' a deir an tseanbhean go dobrónach.

Is gearr gur thit an seanfhear ina thost go tobann. Nuair a bhreathnaigh an tseanbhean sall, chonaic sí go raibh sé ag iarraidh éirí. Sular fhéad sí breith air, thit sé amach as an gcathaoir i ndiaidh a chinn roimhe. Nuair a chrom sí os a chionn agus an leanbh faoi ascaill aici, chuala sí glothar an bháis ina scornach. Ansin arís ní raibh dada le cloisint uaidh.

Dhírigh an tseanbhean í féin agus thosaigh sí ag caoineadh an mhairbh.

'Och! Ochón!' a chaoin sí go cráite. 'Is leatsa do shiúil mé tríd an saol, faoi lúcháir agus faoi dhobrón. Och! Ochón! Tá tú imithe anois agus tá mise fágtha, cé nach fada go mbeidh mé do do leanacht. Ochón! Ochón! Mo mhuirnín! Nach thú a bhí dathúil láidir lá do phósta! Nach thú a bhí fiúntach ceanúil! Nach thú a bhí . . .'

Choinnigh sí uirthi mar sin, nó gur tháinig na comharsana, ag géarchaoineadh an mhairbh; ina suí ar an stóilín agus an leanbh idir lámha in aghaidh a brollaigh; na héanlaithe ag léimneach agus ag smalcadh an bhídh sa mhéis agus ag sclamhadh a chéile.

Choinnigh an naíonán air ag léimneach agus ag béiciúch agus ag iarraidh breith ar chleiteacha gleoite na n-éan a bhí ag fuirseadh thart. Ní raibh fios ar bith ag a chroí óg láidir go raibh an beo tar éis imeacht as an seanchroí.

Dúil (1953)